

An Bhruiséil, 23 Iúil 2025
(OR. en)

11888/25

UD 172
ECOFIN 1048
CRIMORG 143
DROIPEN 92
EF 251
ENFOCUSTOM 122

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Iúil 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 360 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 2018/1672 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 de bhun airteagal 19 den Rialachán sin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 360 final.

Faoi iamh: COM(2025) 360 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.7.2025
COM(2025) 360 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 2018/1672 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 de bhun airteagal 19 den Rialachán sin

1. RÉAMHRÁ

Tá coirpigh ar fud na hEorpa ag baint úsáid as an gcóras airgeadais ar bhealach a chuireann slándáil an Aontais agus a chuid saoránach i mbaol. Tá dhá phríomhbhealach ann ina mbaineann coirpigh leas as an gcóras airgeadais. Is é an chéad cheann fáltais ó choireacht a thabhairt isteach arís sa gheilleagar dlisteanach (sciúradh airgid). Is é an dara ceann airgead a atreorú ón ngeilleagar dlisteanach tríd an gcóras airgeadais chun gníomhaíocht choiriúil a chistiú. I gcomhthéacs scéimeanna sciúrtha airgid, tá airgead tirim ⁽¹⁾ fós lárnach sa lá atá inniu ann, de réir an mheasúnaithe is déanaí ó Europol ar bhagairt na coireachta tromchúisí agus eagraithe in 2025.

Le Rialachán (AE) 2018/1672 maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as⁽²⁾ (an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim), leagtar síos rialacha chun an tAontas a chosaint ar sciúradh airgid nó ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta ag oibreoirí calaoiseacha a d'fhéadfadh iarracht a dhéanamh teorainneacha seachtracha an Aontais a thrasnú agus airgead tirim á iompar acu nó airgead tirim a bhogadh ar bhealaí eile, chun dul timpeall ar rialuithe an chórais airgeadais fhoirmiúil.

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo an t-aiseolas a bhailigh an Coimisiún maidir le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim. Comhlíontar léi an oibleagáid faoi Airteagal 19 den Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin.

2. CÚLRA GINEARÁLTA

2.1. Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le comhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (AML/CFT) agus gnéithe idirnáisiúnta

Leis an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim, leagtar síos rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as. Is cuid de chreat reachtach an Aontais maidir le comhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (AML/CFT) é agus comhlánaítear leis Treoir (AE) 2015/849⁽³⁾ agus Treoir (AE) 2018/1673⁽⁴⁾.

Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an Rialachán dul i ngleic le Moladh 32 ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA) maidir le cúiréirí airgid. Mar chomhalta de TFGA, tá an Coimisiún Eorpach tiomanta do mholtaí TFGA a chur chun feidhme maidir le caighdeáin beartas

⁽¹⁾ Chun sainmhíniú a fháil ar airgead tirim, féach Roinn 3.1. den tuarascáil seo.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2018/1672 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005, IO L 284, 12.11.2018, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32018R1672>.

⁽³⁾ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais le haghaidh sciúradh airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún IO L 141, 5.6.2015, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2015/849/2024-07-09>.

⁽⁴⁾ Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac tríd an dlí coiriúil, IO L 284, 12.11.2018, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32018L1673>.

dhomhanda i dtaca le AML/CFT a fhorbairt agus a chur chun cinn, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon.

Tá reachtaíocht an Aontais maidir le rialuithe ar airgid tirim i bhfeidhm ó bhí 2005 ann⁽⁵⁾. Rinneadh athbhreithniú uirthi uair amháin in 2018 chun forbairt norm idirnáisiúnta agus creat AML/CFT an Aontais a chur san áireamh, ach freisin chun tosaíochtaí an Choimisiúin faoi phlean gníomhaíochta 2016 maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta a mheas.

2.2. An reachtaíocht maidir le rialuithe ar airgead tirim

Tháinig an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim i bhfeidhm go hiomlán an 3 Meitheamh 2021 agus comhlánaíodh é a thuilleadh leis an méid seo a leanas:

- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/776 ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2021 lena mbunaítear teimpléid le haghaidh foirmeacha áirithe chomh maith le rialacha teicniúla le haghaidh malartú éifeachtach faisnéise faoi Rialachán (AE) 2018/1672 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as ⁽⁶⁾ ;
- Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022)1801 ón gCoimisiún an 24 Márta 2022 lena leagtar síos bearta maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialuithe trí chritéir agus caighdeáin choiteanna riosca maidir le gluaiseachtaí airgid thirim a bhunú de bhun Rialachán (AE) 2018/1672 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as (nár foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar gheall ar a chineál íogair, neamh-rúnaicmithe).

2.3. Raon feidhme na tuarascála

De réir Airteagal 19 den Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim, faoi mhí an Mheithimh 2024, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, ní mór don Choimisiún, ar bhonn na faisnéise a fhaightear go tráthrialta ó na Ballstáit, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin.

Tabharfar aghaidh sa tuarascáil seo ar na míreanna uile faoi Airteagal 19, is iad sin:

- (a) *an áirítear sócmhainní eile faoi raon feidhme an Rialacháin seo;*
- (b) *an bhfuil an nós imeachta um nochtadh i gcás airgead tirim neamhthionlactha éifeachtúil;*
- (c) *an ndéantar athbhreithniú ar an tairseach d'airgead tirim neamhthionlactha;*
- (d) *an bhfuil an sreabhadh faisnéise i gcomhréir le hAirteagal 9 agus Airteagal 10 agus an bhfuil úsáid an Chórais Faisnéise Custaim (CFC), go háirithe, éifeachtúil, nó an ann do bhacainní ar mhalartú tráthúil agus díreach faisnéise comhoiriúnaí agus inchomparáide idir na húdaráis inniúla agus le AFAnna;⁽⁷⁾ ; agus*

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) 1889/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach sa Chomhphobal nó ag dul amach as, IO L 309, 25.11.2005, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/1889/OJ>.

⁽⁶⁾ IO L 167, 12.5.2021, ELI: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32021R0776>.

⁽⁷⁾ Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais.

(e) an bhfuil pionóis arna dtabhairt isteach ag na Ballstáit éifeachtach, comhréireach, athchomhairleach agus i gcomhréir le cásdlí seanbhunaithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus an bhfuil na pionóis sin ina ndíspreagadh coibhéiseach ar fud an Aontais i dtaobh sárú a dhéanamh ar an Rialachán seo.

I gcomhréir le hAirteagal 19, áirítear an méid seo a leanas sa tuarascáil freisin:

- (a) faisnéis thiomsaithe arna fáil ó na Ballstáit maidir le hairgead tirim a bhaineann le gníomhaíochtaí coiriúla a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais;*
- (b) faisnéis faoi mhalartú faisnéise le tríú tíortha.*

Cumhdaítear leis an tuarascáil seo an tréimhse ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin an 3 Meitheamh 2021 go dtí an 2 Meitheamh 2024 (na dátaí sin san áireamh).

Ní chumhdaítear leis an tuarascáil seo Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022)1801 ón gCoimisiún lena mbunaítear critéir agus caighdeáin choiteanna riosca maidir le gluaiseachtaí airgid thirim toisc gur doiciméad íogair neamh-rúnaicmithe é nár foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar a luaitear thuas.

2.4. Na modhanna a úsáideadh chun an tuarascáil a ullmhú

Baintear leas sa tuarascáil seo as an méid seo a leanas:

- Freagraí na mBallstát ar shuirbhé de chuid an Aontais lena gcumhdaítear gach gné de chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim;
- faisnéis arna soláthar ag údaráis chustaim na mBallstát le linn na malartuithe leis an gCoimisiún, lena n-áirítear cruinnithe an Ghrúpa Saineolaithe um Rialuithe ar Airgead Tirim;
- faisnéis arna soláthar ag ranna de chuid an Choimisiúin;
- sonraí staidrimh atá ar fáil i modúl airgid thirim an Chórais Faisnéise Custaim (CFC) ⁽⁸⁾;
- faisnéis arna soláthar ag AFAnna ⁽⁹⁾.

3. BUNGHNÉITHE DEN RIALACHÁIN MAIDIR LE RIALUITHE AR AIRGEAD TIRIM

3.1. An sainmhíniú ar airgead tirim

Sainmhínítear ‘**airgead tirim**’ ar bhealach lena gcuimsítear ceithre chatagóir ⁽¹⁰⁾:

- airgeadra (nótaí bainc agus monaí);

⁽⁸⁾Áirítear in CFC freisin sonraí maidir le cásanna a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuisceart Éireann, ós rud é go leanann an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim d’fheidhm a bheith aige sa Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 5 agus Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuisceart Éireann de Chreat Windsor.

⁽⁹⁾Leagadh síos oibleagáid chun aon idirbheart amhrasach a thuairisciú do AFAnna le Treoir 91/308/CEE ón gComhairle. Bunaíodh AFAnna mar mhoil chun measúnú a dhéanamh ar na hidirbhearta sin, idirghníomhú lena leithidí féin i dtíortha eile agus, i gcás inar gá, teagmháil a dhéanamh le húdaráis bhreithiúnacha.

⁽¹⁰⁾ Airteagal 2(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1672.

- ionstraimí soshanta iompróra (e.g. seiceanna taistil, seiceanna, nótaí gealltanais nó orduithe airgid);
- tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha mar a liostaítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I den Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim (i.e. monaí ina bhfuil cion óir 90 % ar a laghad agus builleán amhail barraí, cnapanna nó meallta ina bhfuil cion óir 99,5 % ar a laghad);
- cártaí réamhíochta ar cártaí neamh-ainmniúla iad a stóráilann nó a thugann rochtain ar luach airgeadaíochta nó ar chistí airgeadaíochta ⁽¹¹⁾.

3.2. An oibleagáid airgead tirim a dhearbhu (dearbhu airgid)

Forchuirtear **oibleagáid dearbhu a dhéanamh** ar dhaoine nádúrtha atá ag teacht isteach san Aontas ⁽¹²⁾ nó ag dul amach as agus a bhfuil airgead tirim dar luach EUR 10 000 nó níos mó ar iompar ar a seilbh acu, ina mbagáiste nó sa chóir iompair. Socraíodh a leibhéal ionas nach gcuirfear srian míchuí ar shaorghluaiseacht ná nach gcuirfear ualach rómhór ar shaoránaigh agus ar údaráis le foirmiúlachtaí riaracháin.

Ceanglaítear ar na hiompróirí lena mbaineann an t-airgead tirim a chur ar fáil do na húdaráis inniúla lena iniúchadh. Ní mór dóibh an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar, i scríbhinn nó go leictreonach:

- sonraí pearsanta iomlána, amhail ainm, náisiúntacht agus dáta breithe iompróir, úinéir agus fhaighteoir beartaithe an airgid thirim;
- luach agus cineál an airgid thirim, a thionscnamh, an úsáid atá beartaithe dó agus an modh iompair.

Maidir leis an sainmhíniú ar 'iompróir', ní áirítear leis iompróirí a iompraíonn earraí nó daoine go gairmiúil ⁽¹³⁾.

3.3. An oibleagáid airgead tirim neamhthionlactha a dhearbhu (dearbhu nochta)

Maidir le gluaiseachtaí **airgid thirim neamhthionlactha**, (i.e. airgead tirim a thagann isteach san Aontas nó a théann amach as i bpacáistí poist, lastais chúiréara, bagáiste neamhthionlactha nó lasta i gcoimeádán), d'fhéadfadh na húdaráis inniúla a cheangal ar an seoltóir nó ar an bhfaighteoir, nó ionadaí dá chuid, dearbhu nochta a dhéanamh, bíodh sé sin go córasach nó ar bhonn cás ar chás, i gcomhréir leis na nósanna imeachta náisiúnta. Tá an oibleagáid airgead tirim neamhthionlactha a nochtheadh faoi réir tairseach EUR 10 000, mar an gcéanna leis an gceann a chuirtear i bhfeidhm maidir le daoine a bhfuil airgead tirim ar iompar acu.

3.4. Suimeanna atá faoi bhun na tairisí

⁽¹¹⁾Cé go n-áirítear iad sa sainmhíniú ar airgead tirim a leagtar amach sa Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim, níl cártaí réamhíochta faoi réir na rialacha maidir le gluaiseachtaí rialuithe airgid faoi láthair toisc go luaitear an méid seo a leanas sa phointe ábhartha in Iarscríbhinn I den Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead: P.M. (*pro memoria*).

⁽¹²⁾ Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1672.

⁽¹³⁾ Airteagal 2(1)(h) de Rialachán (AE) 2018/1672.

Déantar foráil sa Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim freisin i ndáil le faisnéis a thaifeadadh faoi ghluaiseachtaí airgid thirim atá faoi bhun na tairsí socraithe, má tá tásca ar ghníomhaíocht choiriúil sna gluaiseachtaí sin ⁽¹⁴⁾. Roinntear an fhaisnéis sin leis an AFA faoi seach agus leis na húdaráis inniúla i mBallstáit eile.

3.5. An cumas airgead tirim a choinneáil go sealadach le haghaidh imscrúduithe breise

Tá na húdaráis inniúla i dteideal **airgead tirim a choinneáil go sealadach** ⁽¹⁵⁾ in imthosca áirithe, agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dlí náisiúnta:

- ar an gcéad dul síos, i gcás nár comhlíonadh an oibleagáid airgead tirim a dhearbhu nó a nochtadh; agus
- ar an dara dul síos, i gcás ina bhfuil tásca ar ghníomhaíocht choiriúil ann, gan beann ar an méid airgid thirim nó ar cibé acu atá an t-airgead tirim tionlactha nó neamhthionlactha.

Tá an tréimhse choinneála teoranta don íosmhéid ama is gá d'údaráis inniúla eile chun a chinneadh an bhfuil forais ann le haghaidh gníomhaíochtaí breise, amhail imscrúduithe nó urghabháil an airgid thirim bunaithe ar ionstraimí dlí eile. Socraítear an tréimhse sin leis an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim agus ní fhéadfaidh sí a bheith níos faide ná 30 lá. Is féidir síneadh 90 lá ar a mhéad a chur léi i gcásanna sonracha a bhfuil measúnú cuí déanta orthu.

3.6. Faisnéis a mhalartú idir údaráis inniúla agus leis an gCoimisiún

Chun comhar éifeachtach a áirithiú, déantar foráil sa Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim i ndáil leis an bhfaisnéis seo a leanas **a mhalartú idir údaráis inniúla na mBallstát**: (i) dearbhuithe *ex officio* ⁽¹⁶⁾; (ii) cásanna maidir le méid faoi bhun na tairsí; (iii) dearbhuithe agus dearbhuithe nochta, i gcás ina bhfuil tásca ann go bhfuil baint ag an airgead tirim le gníomhaíocht choiriúil; agus (iv) faisnéis anaithnid faoi rioscaí agus torthaí na hanailíse riosca.

Thairis sin, i gcás ina bhfuil tásca ann go bhfuil baint ag an airgead tirim le gníomhaíocht choiriúil a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais, ní mór an fhaisnéis ábhartha a roinnt freisin leis an gCoimisiún, le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus le Europol i gcás ina bhfuil siad inniúil chun gníomhú.

Forbraíodh modúl sonrach laistigh de CFC chun an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim a chur chun feidhme agus chun malartú faisnéise a éascú. Is í an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) a bhainistíonn an modúl sin.

3.7. Faisnéis atá le seoladh chuig an Aonad um Fhaisnéis Airgeadais (AFA)

⁽¹⁴⁾ Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/1672.

⁽¹⁵⁾ Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1672.

⁽¹⁶⁾ i.e. i gcás nár comhlíonadh an oibleagáid airgead tirim tionlactha a dhearbhu faoi Airteagal 3 nó an oibleagáid airgead tirim neamhthionlactha a nochtadh faoi Airteagal 4, comhdhéanann na húdaráis inniúla, i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach, dearbhú *ex officio* ina mbeidh, a mhéid is féidir, na mionsonraí is gá.

Ní mór do na húdaráis inniúla a bhailíonn faisnéis de bhun an Rialacháin maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim í **a sheoladh go tráthúil** chuig an AFA náisiúnta chun tuilleadh anailíse a chumasú agus ionas gur féidir an fhaisnéis a chur i gcomparáid le sonraí eile dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2015/849 ⁽¹⁷⁾.

3.8. Pionóis

Chun **comhlíonadh a spreagadh** agus chun teacht timpeall a dhíspreagadh, ceanglaítear le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1672 ar na Ballstáit **pionóis a thabhairt isteach i leith neamhchomhlíonadh** na n-oibleagáidí maidir le hairgead tirim a dhearbhu nó a nochtadh. Níor cheart a chur san áireamh sna pionóis sin an ghníomhaíocht choiriúil fhéideartha a bhaineann leis an airgead tirim, a d'fhéadfadh a bheith ina hábhar d'imscrúdú breise agus de bhearta nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin ⁽¹⁸⁾.

Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, agus nach rachaidís thar a bhfuil riachtanach chun comhlíonadh a spreagadh. Maidir le pionóis a thugann na Ballstáit isteach, ba cheart go mbeadh éifeacht díspreagtha acu atá coibhéiseach ar fud an Aontais ar shárú a dhéantar ar an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim.

3.9. Foirm dearbhaithe chomhchuibhithe

Chun a áirithiú go gcuirfeadh na rialuithe i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus go ndéanfaidh na húdaráis inniúla na dearbhuithe a phróiseáil, a tharchur agus a anailísiú go héifeachtúil, leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/776 ón gCoimisiún teimpléid le haghaidh na nithe seo a leanas:

- an dearbhú airgid thirim agus an bhileog bhreise ábhartha;
- an dearbhú nochtá airgid thirim agus an bhileog bhreise ábhartha;
- an fhoirm le haghaidh úsáid oifigiúil (le líonadh isteach agus le ceangal leis na dearbhuithe *ex officio* faoi Airteagal 5(3)), le haghaidh athchódú faisnéise faoi Airteagal 6(1) agus (2) agus le haghaidh dearbhuithe a fhaightear faoi Airteagail 3 agus 4 i gcás ina bhfuil tásca ar ghníomhaíocht choiriúil ann;
- faisnéis anaithnidithe faoi rioscaí agus torthaí anailíse riosca a tharchur.

3.10. Feachtas faisnéise

Chun **feasacht a mhúscailt** maidir leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim, ní mór do na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, ábhair faisnéise iomchuí a fhorbairt maidir leis an oibleagáid airgead tirim a dhearbhu nó a nochtadh ⁽¹⁹⁾.

3.11. Na príomhghnéithe nua a leagtar síos le Rialachán (AE) 2018/1672

⁽¹⁷⁾ Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1672.

⁽¹⁸⁾ Aithris 35 de Rialachán (AE) 2018/1672.

⁽¹⁹⁾ Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/1672.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe nua an Rialacháin maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim:

- **sainmhíniú leathnaithe ar airgead tirim** chun tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha (ór) agus cártaí réamhíoctha d'airgead tirim tionlactha agus neamhthionlactha araon (i lasta agus i lastais phoist) a chumhdach freisin;
- **méadú ar chomhroinnt faisnéise** idir údaráis inniúla agus idir údaráis inniúla agus AFAnna;
- foráil a dhéanamh maidir leis an **gcóras TF** a úsáid le haghaidh malartuithe den sórt sin;
- na cumhachtaí a dheonaítear d'údaráis inniúla chun gníomhú ar mhéideanna níos ísle airgid thirim má tá amhras orthu go bhfuil **nasc acu le gníomhaíochtaí coiriúla**;
- na cumhachtaí a dheonaítear d'údaráis inniúla chun a cheangal ar an seoltóir nó ar an bhfaighteoir (nó ionadaí dá chuid) **dearbhuíocht** a dhéanamh le haghaidh airgead tirim a thagann isteach san Aontas nó a théann amach as i bpacáistí poist, lastais chúiréara, bagáiste neamhthionlactha, nó lasta i gcoimeádán (gluaiseachtaí airgid thirim neamhthionlactha).

4. MEASÚNÚ AR CHUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN MAIDIR LE RIALUITHE AR AIRGEAD TIRIM AG NA BALLSTÁIT

4.1. Feachtas faisnéise

D'eagraigh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, feachtas mór faisnéise ar fud an Aontais Eorpaigh chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim agus chun pobal an Aontais agus taistealaithe isteach san Aontas a chur ar an eolas faoina n-oibleagáidí.

Chuir an Coimisiún ábhair feachtais thiomnaithe ar fáil do na Ballstáit uile, lena n-áirítear bileoga eolais, grafaicí faisnéise, póstaer agus gearrscannáin lena bhfuil fotheidil sa teanga ábhartha. Aistríodh na hábhair go léir go 30 teanga ⁽²⁰⁾ chun clúdach leathan a chinntiú ⁽²¹⁾.

4.2. Airgead tirim tionlactha

Comhdaíodh 310 042 dearbhú airgid le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo. Cuireadh 23 097 gcás a raibh sáruithe orthu in iúl i modúl Airgid Thirim CFC+ (i.e. cásanna nach ndearnadh aon dearbhú ina leith, nó ina raibh an fhaisnéis a soláthraíodh neamhiomlán nó mícheart nó go raibh tásca ann go raibh baint ag airgead tirim le gníomhaíocht choiriúil).

Chuir na Ballstáit uile an nós imeachta um dhearbhuíocht maidir le hairgead tirim tionlactha chun feidhme de réir na dtorthaí staidrimh a cuireadh i láthair i gCairt 2 in Iarscríbhinn A. Le haghaidh na tréimhse idir 2022 agus 2023, cásanna de chuid na Polainne, na Gearmáine agus na Fraince a bhí in 57 % de na cásanna airgid thirim faoi thionlacan a tuairiscíodh.

De réir thorthaí an tsuirbhé, measann na Ballstáit go bhfuil an nós imeachta um dhearbhuíocht airgid thirim éifeachtach agus tugann siad measúnú dearfach dó (measann 65 % go bhfuil sé an-mhaith, 30 % go maith, agus 5 % measartha).

⁽²⁰⁾AR, BG, CH, CS, DA, DE, EL, EN, ES, ET, FI, FR, GA, HI, HR, HU, IT, JP, LT, LV, MT, NL, PL, PT, RO, RU, SE, SK, SL, TR.

⁽²¹⁾Féach, mar shampla, an bhileog eolais [*Faigh eolas faoi na rialacha um Rialú Airgid is déanaí!*](#).

D'aontaigh formhór na bhfreagróirí leis na pointí seo a leanas.

- Leis an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim, tugtar de chumhacht d'údaráis chustaim airgead tirim a stopadh agus a choinneáil i gcás ina bhfuil tásca ann go mbaineann an t-airgead tirim sin le gníomhaíochtaí coiriúla.
- Tá an nós imeachta um dhearbhuí iontaofa chun gluaiseachtaí trasteorann airgid thirim a bhrath.
- Cuireann an nós imeachta um dhearbhuí ar chumas na n-údarás custaim faisnéis a bhailiú chun gluaiseachtaí aindleathacha airgid a shainiú. Tá an raon leathan faisnéise a bhailítear an-úsáideach le haghaidh imscrúduithe ina dhiaidh sin.

Dúirt dhá Bhallstát, áfach, go bhféadfaí an nós imeachta a fheabhsú; luaigh ceann amháin acu go sonrach droch-cháilíocht na sonraí arna soláthar ag iompróirí ina ndearbhuithe airgid thirim.

4.3. Airgead tirim neamhthionlactha

Comhdaíodh 6 532 dhearbhuí nochta airgid le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil seo, agus tugadh fógra faoi 102 shárú a bhain leis an nós imeachta sin i modúl Airgid Thirim CFC+. Bhí 6 Bhallstát ann nár thaifead aon dearbhuí maidir le nochtheadh airgid thirim le haghaidh na tréimhse idir 2022 agus 2023 (an Bheilg, Éire, Málta, an tSlóivéin, an Fhionlainn, an tSualainn).

Bhí dearcadh neodrach go dearfach ag formhór na mBallstát a d'fhreagair an suirbhé ar an nós imeachta um nochtheadh airgid thirim neamhthionlactha (rátáil 6 cinn go raibh sé maith, 11 cheann go raibh sé measartha agus 3 cinn go raibh sé go dona). Measann siad go bhfágann sé gur féidir rialú níos fearr a dhéanamh ar ghluaiseachtaí airgid agus go bhfeidhmíonn sé go héifeachtúil. Chuir roinnt Ballstát in iúl go bhfuil an nós imeachta éifeachtach toisc go bhfuil sé bunaithe ar anailís riosca seachas ar chur isteach éigeantach an dearbhaithe nochta airgid thirim.

Mar sin féin, chuir na Ballstáit na trí ábhar amhrais seo a leanas in iúl.

- Tá an nós imeachta um nochtheadh airgid thirim neamhthionlactha casta ó thaobh riaracháin de;
- Tá an sprioc-am 30 lá chun an dearbhuí maidir le nochtheadh a chur isteach arna iarraidh sin do na húdaráis chustaim rófhada;
- Ní mór an anailís riosca a mhionchoigeartú chun go mbeidh sí éifeachtach.

Thug Ballstát amháin faoi deara nach ndéantar nochtheadh airgid thirim neamhthionlactha ach amháin arna iarraidh sin agus nach bhfuil sé éigeantach i ngach cás, rud a dhéanann rialuithe custaim níos dúshlánaí. Dúirt an Ballstát sin freisin, dar leis, go léiríonn na figiúirí ó ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta go bhfuil an riosca a bhaineann le hiompar neamhthionlactha airgid thirim i lastais phoist, bheartáin agus chúiréara níos ísle ná mar a measadh ar dtús.

4.4. Úsáid mhodúl Airgid Thirim CFC ag údaráis inniúla

Seolann na húdaráis inniúla an fhaisnéis ábhartha atá le taifeadadh in CFC ar an mbealach seo a leanas:

- (a) tríd an bhfaisnéis a iontráil de láimh trí chomhéadan gréasáin úsáideoirí CFC; nó
- (b) tríd an bhfaisnéis a easpórtáil óna gcóras náisiúnta nó óna gcórais náisiúnta agus í a iompórtáil isteach in CFC ag úsáid formáid sonraí XML CFC; nó

(c) trína gcóras nó a gcórais náisiúnta a nascadh go díreach le CFC trí chomhéadan córas le córas arna sholáthar ag CFC.

Rinne 11 riarachán custaim de chuid na mBallstát a gcórais náisiúnta a nascadh go díreach le CFC trí chomhéadan ‘córas go córas’ arna sholáthar ag CFC (an Bheilg, an Bhulgáir, an Eastóin, an Ghréig, an Fhrainc, an Laitvia, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSualainn). Cé gur deonaíodh rochtain tríd an gcomhéadan ‘córas go córas’ sin do dhá Bhallstát (an tSeicia agus an Ghearmáin), níor bhain siad úsáid as an gcóras go dtí seo. Go deimhin, dúirt an Ghearmáin go bhfuil sí ag úsáid comhad Excel a forbraíodh ar an leibhéal feidearálach faoi láthair chun sonraí airgid thirim a thuairisciú. Mar sin féin, tá rochtain uathoibríoch á forbairt ag an nGearmáin faoi láthair. D’fhreagair an tSeicia nach raibh an nasc idir a córas náisiúnta agus CFC ar fáil go fóill tráth an tsuirbhé.

Maidir leis na malartuithe sonraí trí CFC, léirigh na Ballstáit a ghlac páirt sa suirbhé a dtaithí dhearfach tríd is tríd maidir le malartú sonraí (féach Cairt 4 in Iarscríbhinn B). Measann siad gur ‘córas éasca’ é modúl Airgid Thirim CFC+ a úsáid, ar féidir sonraí a phróiseáil go rianúil leis. Luaigh Ballstát amháin gur foinse mhór faisnéise é modúl Airgid Thirim CFC+ chun cásanna amhrasta sciúrtha airgid a shainaithint agus a anailísiú.

Mar sin féin, luaigh roinnt Ballstát go raibh dúshlán rompu agus faisnéis á haistriú óna gcórais náisiúnta chuig CFC. Chuir dhá Bhallstát in iúl, nuair a thagann siad ar shárúithe, nach mór na sonraí a iontráil de láimh faoi dhó seachas iad a aistriú go huathoibríoch ó mhodúl Airgid Thirim CFC+ chuig modúl Calaoise CFC+. Tá an Coimisiún ar an eolas faoin bhfadhb sin atá ag cur bac ar chur chun feidhme an choincheapa ‘urghabháil amháin/tuarascáil amháin’. Eascraíonn an deacracht as an bhfioras go bhfuil an dá mhodúl bunaithe ar bhunús dlí éagsúla. Tá iarrachtaí ar siúl chun é a réiteach.

Thairis sin, bíonn deacrachtaí fós ag trí Bhallstát (an Spáinn, an Iodáil agus an tSlóivéin) maidir le faisnéis shonrach a tharchur go díreach chuig modúl Airgid Thirim CFC+, mar gheall ar fhadhbanna teicniúla inmheánacha. Thuairiscigh na trí cinn acu go bhfuil siad ag obair chun teacht ar réiteach.

4.5. Rochtain AFA ar shonraí

Léiríodh sa suirbhé, cé go bhforáiltear go soiléir leis an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim nach mór tarchur faisnéise ó AFAnna náisiúnta a dhéanamh trí mhodúl Airgid Thirim CFC+ ⁽²²⁾, nach bhfuil rochtain ag gach AFA de chuid na mBallstát air go fóill. Go deimhin, ní raibh rochtain ach ag 20 Ballstát air tráth an tsuirbhé.

I measc AFAnna na mBallstát nach bhfuil rochtain acu ar mhodúl Airgid Thirim CFC+:

- Mhínigh 3 Bhallstát go raibh an nasc le modúl Airgid Thirim CFC+ á bhunú acu faoi láthair;
- Mhínigh Ballstát amháin, de réir a reachtaíochta náisiúnta, go gcomhroinneann a riarachán custaim faisnéis faoin Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim leis an AFA trí uirlis náisiúnta;
- Mhínigh Ballstát amháin nach bhfuil an AFA náisiúnta in ann rochtain a fháil ar shonraí CFC mar gheall ar fhadhbanna teicniúla.

⁽²²⁾Foráiltear le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1672 nach mór d’údaráis inniúla faisnéis maidir le dearbhuithe airgid thirim, dearbhuithe maidir le nochtadh, dearbhuithe ex officio agus méideanna faoi bhun na tairisí a bhfuil amhras ann go mbaineann siad le gníomhaíocht choiriúil a sheoladh chuig AFAnna tríd an modúl airgid thirim atá ar fáil in CFC.

4.6. Pionóis

Ní mór do na Ballstáit idirdhealú soiléir a dhéanamh idir na pionóis a fhorchuirtear as mainneachtain airgead tirim a dhearbhu nó a nochtadh faoin Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim agus na pionóis a d'fhéadfaidís a fhorchur i leith gníomhaíochtaí coiriúla, agus na pionóis sin amháin. Tá pionóis curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit uile as mainneachtain an oibleagáid airgead tirim tionlactha a dhearbhu nó an oibleagáid airgead tirim neamhthionlactha a nochtadh.

Faoi na córais reachtaíochta náisiúnta éagsúla, tá pionóis éagsúla curtha i bhfeidhm. Níor shocraigh roinnt Ballstát (an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn) ach pionóis riaracháin, gan pionóis choiriúla a fhorchur (féach Tábla 1 in Iarscríbhinn B). Is éard atá sna pionóis riaracháin:

- méid atá le hurghabháil, agus íosleibhéal agus uasleibhéal socraithe;

agus/nó

- fineáil, agus an t-íosleibhéal agus an t-uasleibhéal socraithe;

agus/nó

- céatadán socraithe den mhéid os cionn EUR 10 000 le hurghabháil, faoi choinníollacha sonracha dá bhforáiltear sa Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim;

agus/nó

- fineáil, agus an méid ag brath ar chatagóir nó stádas dlíthiúil an duine.

Forchuireann an Bhulgáir, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Ísiltír agus an Phortaingéil pionóis choiriúla agus riaracháin araon. Ní fhorchuireann dhá Bhallstát (Éire agus an Chipir) ach pionóis choiriúla.

4.7. Malartuithe faisnéise le tíortha nach de chuid an Aontais iad

Féadfaidh na Ballstáit nó an Coimisiún, faoi chúnamh riaracháin frithpháirteach, an fhaisnéis seo a leanas a sheoladh chuig tír nach de chuid an Aontais í, faoi réir údarú i scríbhinn a fháil ón údarás inniúil a fuair an fhaisnéis i dtosach, ar choinníoll go bhfuil an tarchur sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta ábhartha agus le dlí ábhartha an Aontais maidir le haistriú sonraí pearsanta chuig tíortha nach de chuid an Aontais iad:

(a) dearbhuithe *ex officio* arna gcumadh faoi Airteagal 5(3);

(b) faisnéis arna fáil faoi Airteagal 6;

(c) dearbhuithe arna bhfáil faoi Airteagal 3 nó faoi Airteagal 4, i gcás ina bhfuil tásca ann go bhfuil baint ag an airgead tirim le sciúradh airgid nó le maoiniú na sceimhlitheoireachta.

Thairis sin, ní mór fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon tarchur faisnéise den sórt sin ó na Ballstáit.

De réir an tsuirbhé, rinne 7 mBallstát 85 mhalartú faisnéise le tíortha nach de chuid an Aontais iad ó tháinig an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim i bhfeidhm. Bhí os cionn 90 % de na malartuithe leis an Úcráin agus leis an Ríocht Aontaithe. Reáchtáladh líon níos lú malartuithe leis an gCasacstáin, leis an Tuirc, agus leis na Stáit Aontaithe - féach Cairt 5 in Iarscríbhinn B.

4.8. Airgead tirim a bhaineann le gníomhaíochtaí coiriúla a dhéanann dochar do leasanna airgeadais an Aontais

Faoin Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim, i gcás ina bhfuil tásca ann go mbaineann an t-airgead tirim le gníomhaíocht choiriúil a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais, cuirtear an fhaisnéis arna taifeadadh ag na húdaráis inniúla ar fáil don Choimisiún, d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus do Europol, i gcás ina bhfuil siad féin inniúil chun gníomhú, sa bhreis ar údaráis inniúla Ballstát eile. Is iad leasanna airgeadais an Aontais 'an t-ioncam, an caiteachas agus na sócmhainní uile a chumhdaítear le buiséad an Aontais, a fhaightear trí bhuiséad an Aontais nó atá dlite dóibh agus do bhuiséid na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí arna mbunú faoi na Conarthaí agus do bhuiséid a ndéanann siad bainistiú agus faireachán orthu' ⁽²³⁾.

Thuiriscigh 14 Bhallstát 23 chás den sórt sin don Choimisiún le haghaidh na tréimhse tuairiscithe. Baineann na cásanna uile le hairgead tirim tionlactha agus roinntear iad beagnach go cothrom idir cásanna a bhaineann le hairgead tirim a thagann isteach san Aontas (11 chás) agus cásanna d'airgead tirim a fhágann an tAontas (12 chás).

4.9. Feabhsuithe is gá a dhéanamh ar chur chun feidhme beart áirithe ag na Ballstáit

- Níl rochtain fós ag roinnt AFAnna de chuid na mBallstát ar mhodúl Airgid Thirim CFC+ nó níl siad á úsáid chun an fhaisnéis ábhartha a tharchur. Is ábhar inní é sin toisc gur neamhchomhlíonadh na reachtaíochta é agus a cuspóra, ós rud é go bhfuil an malartú faisnéise á dhéanamh lasmuigh den chreat reachtach dá bhforáiltear. Mheabhraigh an Coimisiún do na Ballstáit arís agus arís eile an ceanglas Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/1672 a chomhlíonadh.
- Maidir leis na smachtbhannaí, na tuarascálacha meastóireachta frithpháirtí is déanaí ó TFGA, níl smachtbhannaí roinnt Ballstát sách athchomhairleach. I ndáil leis sin, scrúdaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) na sásraí náisiúnta smachtbhannaí a glacadh chun Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1889/2005 a chur chun feidhme. Is ábhar inní freisin é an fhadhb eile, is é sin smachtbhannaí iomarcacha. De réir a breithiúnais i gCás C-255/14 ⁽²⁴⁾ mheas CBAE nach cosúil go bhfuil fineáil atá coibhéiseach le 60 % de mhéid an airgid neamhdhearbhaithe os cionn EUR 50 000 comhréireach toisc go dtéann fineáil den sórt sin thar a bhfuil riachtanach chun a áirithiú go gcomhlíonfar an oibleagáid sin agus go gcomhlíonfar na cuspóirí a shaothraítear leis an

⁽²³⁾ Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE'), IO L 283, 31.10.2017.

⁽²⁴⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Iúil 2015, *Robert Michal Chmielewski v Nemzeti Adó- és Vámhivatal Dél-alföldi Regionális Vám- és Pénzügyőri Főigazgatósága*, Cás C-255/14, ECLI:EU:C:2015:475.

Rialachán sin. Ba cheart do na Ballstáit an cásdlí sin chomh maith le tuarascálacha meastóireachta frithpháirtí TFGA a chur san áireamh.

- Níor thug na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir lena malartú faisnéise le tíortha nach de chuid an Aontais iad ach le déanaí, tar éis iarraidh shonrach a fháil ón gCoimisiún. Mheabhraigh an Coimisiún do na Ballstáit arís agus arís eile an oibleagáid atá orthu fógra a thabhairt láithreach faoi aon mhalartú faisnéise le tír nach de chuid an Aontais í. Chun fógraí ó na Ballstáit a éascú, d'ullmhaigh agus roinn an Coimisiún teimpléad coiteann is féidir a úsáid ar bhonn deonach; tá sé sin in úsáid cheana féin ag roinnt Ballstát.
- Maidir leis an tuairisciú éigeantach ar chásanna a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leas airgeadais an Aontais, bhí an bhfaisnéis a thuairiscigh na Ballstáit mícheart nó neamhiomlán. Ní mór feabhas a chur ar an tuairisciú a dhéanann na Ballstáit ar na cásanna sin.

5. MEASÚNÚ AR AN nGÁ ATÁ LEIS AN RIALACHÁN MAIDIR LE RIALUITHE AR AIRGEAD TIRIM A LEASÚ

5.1. Raon feidhme: anailís ar shócmhainní eile a d'fhéadfaí a áireamh

5.1.1. Torthaí an tsuirbhé ar an sainmhíniú ar airgead tirim

Rinneadh an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn I a leasú a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá dhá chúis leis sin, is iad sin: (i) oiriúnú go pras d'athruithe amach anseo ar chaighdeán idirnáisiúnta TFGA; agus (ii) teacht timpeall ar an Rialachán a chosc trí spleáchas ar thráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha nó ar chártaí réamhíoctha. Mar chuid den suirbhé, fiafraíodh de na Ballstáit faoin bhfiúntas a bhainfeadh le sócmhainní eile a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin. D'fhreagair 14 de na 20 Ballstát a líon isteach an suirbhé gur leordhóthanach liosta na sócmhainní a chumhdaítear leis an sainmhíniú faoi láthair. Mar sin féin, rinne roinnt Ballstát moltaí maidir le leasuithe ar an liosta (féach cairt 6 in Iarscríbhinn B). Leagtar amach na leasuithe sin atá molta sna cúig phointe urchair thíos.

- Mhol 4 Bhallstát cártaí réamhíoctha a chur isteach.
- Mhol 6 Bhallstát tráchtearraí eile a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha a chur leis amhail clocha lómhara, miotail lómhara agus cóimhiotail, chomh maith le 'earraí sóchais' ardluacha amhail uaireadóirí rosta, seodra, nó miotail lómhara (e.g. platanam) agus clocha (e.g. diamaint).
- Mhol Ballstát amháin cripteá-airgeadraí a chur isteach ⁽²⁵⁾.
- Mhol Ballstát amháin go n-áireofaí airgead/cré-umha leis na coinníollacha céanna is infheidhme faoi láthair maidir le cion óir.
- Mhol 2 Bhallstát gur cheart deireadh a chur leis an gcoinníoll lena dteorannaítear cur i bhfeidhm an Rialacháin do mhonaí agus builleán ina bhfuil cion óir os cionn céatadán sonrach, agus gur cheart luach an óir a úsáid ina ionad sin mar an t-aon choinníoll ábhartha (cothrom le EUR 10 000 nó os a chionn).

⁽²⁵⁾Aithris 13 de Rialachán (AE) 2018/1672. 'In ainneoin an ardleibhéil riosca a bhaineann le hairgeadraí fíorúla, mar a léiríodh i dtuarascáil ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2017 maidir leis an measúnú ar na rioscaí a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a dhéanann difear don mhargadh inmheánach agus atá bainteach le gníomhaíochtaí trasteorann, níl an inniúlacht ag údarais chustaim faireachán a dhéanamh orthu'.

Dúirt Ballstát amháin go bhféadfaí cuidiú le treochtaí smuigleála a shainaithint agus a chomhrac trí chártaí réamhíoctha a chur isteach. Mar sin féin, de réir an Bhallstáit sin, níor cheart breisiú den sórt sin le hIarscríbhinn I a dhéanamh ach amháin tar éis comhairliúchán cuí a dhéanamh i measc na 27 mBallstát agus tar éis treoirlinnte soiléire a fhorbairt ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Maidir le hítimí ardluacha, luaigh Ballstát amháin go n-éascaíonn ítimí den sórt sin gluaiseacht cistí aindleathacha thar theorainneacha freisin toisc gur féidir iad a úsáid in ionad airgeadra. Mar sin féin, ní dhearnadh aon staidéar ná anailís thiomnaithe ar ábharthacht fhéideartha seiceálacha custaim faoin Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim maidir leis an gcineál sin calaoise.

5.1.2. Anailís ar chártaí réamhíoctha agus tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha

(a) anailís arna déanamh ag an gCoimisiún agus ag Europol

Is é tuairim an Choimisiúin nach bhfuil aon fhianaise shoiléir ann gur gá an sainmhíniú ar airgead tirim a leasú. Tá an tuairim sin bunaithe ar an obair a rinneadh i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca fhornáisiúnta ar an riosca go ndéanann sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta difear don mhargadh aonair agus a bhaineann le gníomhaíochtaí trasteorann.

De réir Europol, úsáidtear cártaí réamhíoctha chun coireanna eacnamaíocha agus airgeadais éagsúla a dhéanamh, lena n-áirítear maoiniú na sceimhlitheoireachta. Eascraíonn an bhagairt den chuid is mó as cártaí réamhíoctha ‘lúboscailte’, a dhíoltar ar an idirlíon, in oifigí poist agus i siopaí áitiúla agus is féidir a úsáid mar ghnáthchártaí dochair nó creidmheasa. Measann Europol gur táirgí ardriosca iad cártaí réamhíoctha toisc gur féidir iad a úsáid go hanaithnid ar líne nó i ndlínsí eischósta chun íocaíochtaí a dhéanamh san Aontas. Thairis sin, níl aon teorainn dhlíthiúil leis an líon cártaí is féidir le duine a cheannach nó le cé atá incháilithe chun cárta a cheannach.

Sa Mheasúnú Eorpach ar Bhagairt na Coireachta Airgeadais agus Eacnamaíche 2023 ²⁶⁾, tugtar dhá shampla d’úsáid cártaí réamhíoctha chun críoch aindleathacha.

Sa chéad sampla, úsáidtear cártaí réamhíoctha chun calaois gheandála a dhéanamh. Sa dara sampla, in éineacht le cripteadhearbháin, úsáidtear cártaí réamhíoctha chun fáiltais choiriúla a threorú chuig ardáin chearrbhachais criptea-airgeadra a óstáiltear i ndlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad, áit a bhfuil sé deacair idirbhearta a rianú.

D’ainneoin gurb eol gur modh íocaíochta ardriosca iad cártaí réamhíoctha i gcomhthéacs an sciúrtha airgid, níor thuairiscigh an Coimisiún ná Europol aon chás d’úsáid aindleathach cártaí réamhíoctha lena mbaineann gluaiseacht fhisiciúil trasteorann daoine nó iompar ag cúiréirí nó beartáin.

(b) anailís arna déanamh ag AFAnna na mBallstát

Iarradh ar AFAnna na mBallstát freisin an raibh fianaise ann go n-úsáidtear cártaí réamhíoctha nó tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha (seachas monaí ina bhfuil 90 % ar a laghad d’ór agus builleán ina bhfuil 99,5 % ór ar a laghad) go forleathan le haghaidh sciúradh

(²⁶) Féach [An Taobh eile den Scéal: Anailís ar an gCoireacht Airgeadais agus Eacnamaíoch | Europol](#).

airgid. Más rud é gur chreid na AFAnna go raibh fianaise den sórt sin ann, fiafraíodh díobh cén cineál fianaise a d'aimsigh siad agus cé na cineálacha cártaí agus tráchtearraí réamhíoctha.

Sholáthair naoi AFA de chuid na mBallstát freagraí. Ar bhonn a bhfreagraí, níl aon fhianaise shoiléir ann go n-úsáidtear cártaí réamhíoctha go forleathan le haghaidh sciúradh airgid, agus go háirithe i gcomhthéacs daoine atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as. Thairis sin, dúirt siad go bhfuil sé deacair sa chleachtas idirdhealú a dhéanamh idir cárta réamhíoctha agus cineálacha eile cártaí dochair nó creidmheasa.

Maidir le tráchtearraí a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha, thug na AFAnna dá n-aire go mainníonn taistealaithe isteach san Aontas uaireanta ítimí ardluacha a dhearbhu amhail uaireadóirí sóchais, seodra, diamaint agus tiachóga mórleabhar criptea-airgeadra. Déantar é sin chun dleachtanna agus cánacha breisluacha a sheachaint tráth an allmhairithe agus is imghabháil cánach é, rud atá éagsúil le sciúradh airgid.

Dá bhrí sin, ba cheart meastóireacht chríochnúil a dhéanamh ar an bhfiúntas a bhaineann leis na cineálacha sócmhainní sin a áireamh in Iarscríbhinn I, agus aird á tabhairt ar chumais rialaithe custaim.

5.2. Tairseach d'airgead tirim neamhthionlactha

Iarradh sa suirbhé freisin ar na Ballstáit ar mheas siad go raibh an tairseach airgeadais EUR 10 000 le haghaidh airgead tirim neamhthionlactha oiriúnach (féach cairt 7 in Iarscríbhinn B).

As na 20 Ballstát a bhí rannpháirteach sa suirbhé, níor thug ach 14 Bhallstát freagra ar an gceist sin. Mheas 95 % díobh go raibh an tairseach iomchuí agus, dá bhrí sin, nár ghá athbhreithniú a dhéanamh uirthi.

Thug siad dá n-aire freisin go bhfuil eolas maith ag na contrapháirtithe uile ar an tairseach agus chuir siad i dtábhacht, i gcás méideanna airgid thirim faoin tairseach, go leagtar amach sa Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim na forálacha is gá chun faisnéis ábhartha a thaifeadadh agus chun an t-airgead tirim a choinneáil le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe má tá comharthaí ann gur ann do ghníomhaíocht choiriúil.

Dá bhrí sin, bhí comhaontú ginearálta ann an tairseach reatha a choinneáil.

6. CONCLÚID

Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé agus ar an bhfaisnéis eile a chuireann na Ballstáit agus ranna de chuid an Choimisiúin ar fáil, feidhmíonn an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim go héifeachtúil chun a chuspóirí a bhaint amach.

Measann na Ballstáit gur ionstraim thábhachtach dlí í chun gluaiseacht fhisiciúil airgid thirim ag teorainneacha seachtracha an Aontais a rialú agus chun sciúradh airgid a chomhrac.

Tarlaíonn sreafaí faisnéise trí mhodúl Airgid Thirim CFC+, agus tá faisnéis inchomparáide á malartú go díreach idir na húdaráis inniúla agus le AFAnna go tráthu. Mar sin féin, d'fhéadfaí feabhas a chur fós ar úsáid an chórais CFC i roinnt Ballstát.

Feidhmíonn go leordhóthanach an nós imeachta um nochtadh le haghaidh airgead tirim neamhthionlactha a tugadh isteach.

Ní gá an tairseach a athbhreithniú ná sócmhainní eile a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an

gCoimisiún ar threochtaí nua maidir le sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta, agus ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as tráchtearraí eile a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha agus as cártaí réamhíoctha mar bhealach chun dul timpeall ar an oibleagáid dearbhú a dhéanamh. Ní léirítear sa chéad mheasúnú sin gur gá an creat atá ann faoi láthair a leasú.


IARSCRÍBHINN A - STAITISTICÍ BLIANTÚLA MAIDIR LE CÁSANNA AIRGID THIRIM THIONLACTHA AGUS NEAMHTHIONLACTHA

Tá na cairteacha rialaithe airgid seo a leanas bunaithe ar an méid seo a leanas:

- sonraí a asbhaineadh as modúl Airgid Thirim CFC+ tráth an tsuirbhé,
- sonraí arna gcur in iúl ag Ballstáit a bhfuil deacrachtaí acu fós maidir le faisnéis shonrach a tharchur go díreach chuig modúl Airgid Thirim CFC+, mar gheall ar fhadhbanna teicniúla inmheánacha.


Cumhdaítear leo na tréimhsí idir 1/1/2022-31/12/2023 (an dá thréimhse sin san áireamh).

Cuirtear i láthair i gCairt 1 an líon iomlán cásanna airgid thirim a láimhseáladh ag teorainneacha an Aontais. Maidir leis an tréimhse thagartha (1/1/2022-31/12/2023), shainaithin na húdaráis inniúla a bhfuil sé de chumhacht acu an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim a chur chun feidhme 226 796 chás. Áirítear leis sin cásanna lena mbaineann sárú agus nach mbaineann sárú leo.




Léirítear i gCairt 2 agus i gCairt 3 an líon iomlán cásanna in aghaidh an Bhallstáit maidir le hairgead tirim tionlactha (Cairt 2) agus airgead tirim neamhthionlactha (Cairt 3) le haghaidh na tréimhse tagartha (1/1/2022-31/12/2023).

Cairt 2: Líon iomlán cásanna airgid thirim thionlactha



Tá difríocht mhór idir an líon iomlán cásanna airgid thirim thionlactha (221 836), lena n-áirítear le sárúithe) agus an líon iomlán cásanna airgid thirim neamhthionlactha (4 960 lena n-áirítear le sárúithe).

Cairt 3: Líon iomlán cásanna airgid thirim neamhthionlactha




Foilsíonn an Coimisiún sonraí staidrimh go bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2018/1672 maidir le rialuithe ar airgead tirim atá ag teacht isteach san Aontas nó ag dul amach as. Is féidir breathnú ar na tuarascálacha sin ar shuíomh gréasáin TAXUD, ar féidir teacht ar fhaisnéis ghinearálta maidir le rialuithe ar airgead tirim ann freisin: [Rialuithe ar airgead tirim - An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](https://taxud.europa.eu/).

IARSCRÍBHINN B - FREAGRAÍ AR AN SUIRBHÉ


Is éard atá sna cairteacha thíos rogha de na freagraí a chuir na Ballstáit ar fáil.

Léirítear i gCairt 4 torthaí an mheasúnaithe a rinne na Ballstáit a ghlac páirt sa suirbhé. Léirítear sa mheasúnú conas a bhreathnaigh na Ballstáit ar chur chun feidhme Airteagail 9 agus 10 den Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim. Tríd is tríd, bhí taithí dhearfach ag na Ballstáit ar mhalartú sonraí trí mhodúl Airgid Thirim CFC+. Níor mheas ach roinnt acu go raibh gnéithe sonracha dá dtaithí ar mhodúl Airgid Thirim CFC+ dona nó an-dona.



Léirítear i gCairt 5 an líon malartuithe faisnéise le tíortha nach de chuid an Aontais iad maidir le cásanna a bhaineann le hairgead tirim. Ba leis an Ríocht Aontaithe, leis an Úcráin agus leis an Rúis a bhí formhór na malartuithe faisnéise idir na Ballstáit agus tíortha nach de chuid an Aontais iad bunaithe ar Airteagal 11. Tuairiscíodh roinnt malartuithe leis an Tuirc, leis na Stáit Aontaithe, le hAontas na nÉimíróchtaí Arabacha agus leis an gCasacstáin freisin (gan ach 8,23 % de na malartuithe iomlána le tíortha nach de chuid an Aontais iad).

Déantar achoimre i dTábla 1 ar na córais phionóis éagsúla arna mbunú ag na Ballstáit chun Airteagal 14 den Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim a chomhlíonadh. Cuireann formhór na mBallstát pionóis riaracháin i bhfeidhm.




Tábla 1: Córais phionóis na mBallstát faoin Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim

Pionóis	Na Ballstáit	Cineál pionós
Réimse an Riaracháin	BE, CZ, DK, DE, EL, ES, FR, HR, IT, LU, HU, MT, AT, PL, RO, SI, SK, FI, SE	- urghabháil méid sonrach, agus íosmhéid agus/nó uasmhéid socraithe agus/nó - fineáil a fhorchuirtear, agus íosmhéid agus/nó uasmhéid socraithe agus/nó - urghabháil an mhéid os cionn EUR 10 000, faoi choinníollacha áirithe agus/nó - céatadán de mhéid iomlán an airgid thirim neamhdhearbhaithe nó den mhéid a sháraíonn an tairseach agus/nó - fineáil, agus an méid ag brath ar chatagóir/stádas dlíthiúil an duine (duine dlítheanach, dílseánach aonair nó duine féinfhostaithe, duine nádúrtha)
Riaracháin agus coiriúil	BG, EE, LV, LT, NL, PT	- céatadán de luach an airgid thirim neamhdhearbhaithe, nó fineáil, nó méid urghafa (agus íosteorainneacha agus/nó uasteorainneacha socraithe) agus/nó - príosúnacht, ag brath ar na himthosca
Coiriúil	CY, IE	- príosúnacht mura gcomhlíontar an oibleagáid dearbhú a dhéanamh nó - fineáil

Déantar achoimre i gCairt 6 ar na moltaí a rinne na Ballstáit maidir leis an ngá Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim a leasú. I measc na 14 Bhallstát a líon isteach an suirbhé, tacaíonn 43 % leis an moladh chun tráchtearraí eile a úsáidtear mar stórtha luacha fíorleachtacha a chur leis agus tacaíonn 29 % leis an moladh cártaí réamhíoctha a chur leis.

Cairt 6: Moltaí maidir le hIarscribhinn I a leasú



Léirítear i gCairt 7 freagraí na mBallstát ar an suirbhé ar an tairseach EUR 10 000 a leagtar amach sa Rialachán maidir le Rialuithe ar Airgead Tirim. Tá comhaontú ginearálta ann go bhfuil an tairseach reatha éifeachtach agus gur cheart go bhfanfadh sí mar an gcéanna (95 % freagraí dearfacha).

Cairt 7: Measúnú na mBallstát ar an tairseach atá ann faoi láthair

